Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6693/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0034(NLE)**

**RECH 76**
**COMPET 109**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 62 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>MOLADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 62 final.

Faoi iamh: COM(2025) 62 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.2.2025
COM(2025) 62 final

2025/0034 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is cuspóir don Limistéar Eorpach Taighde (LET) limistéar a chruthú i gcás ina mbeidh ‘taighdeoirí, fios eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse’ (Airteagal 179 CFAE). Athsheoladh LET in 2020, lena n-áirítear an Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht (T&N)[1] san Eoraip, lenar cuireadh in iúl na comhréimsí tosaíochta gníomhaíochta seo a leanas ó na Ballstáit:

(1) margadh inmheánach eolais fíorfheidhmiúil a dhoimhniú;

(2) glacadh le chéile leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach agus le dúshláin eile a bhfuil tionchar acu ar an tsochaí, agus rannpháirtíocht na sochaí in LET a mhéadú**;**

(3) rochtain ar bharr feabhais T&N ar fud an Aontais a fheabhsú agus idirnaisc idir éiceachórais nuálaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú;

(4) infheistíochtaí agus athchóirithe comhbheartaithe T&N agus nuálaíochta a chur chun cinn.

Trí struchtúir nua rialachais agus an chéad Chlár Oibre Beartais LET 2022-2024 a bhunú le gníomhaíochtaí coincréiteacha, chuir an tAontas dlús nua le LET, agus straitéisí agus beartais T&N á n-ailíniú. Rinneadh dul chun cinn nach beag trí chomhoibriú leis na Ballstáit, go háirithe maidir le haghaidh a thabhairt ar ilroinnt a gcóras T&N. Dírítear tionscnaimh ar ghairmeacha taighdeoirí, ar bhonneagair taighde (BTanna), ar eolaíocht oscailte, ar mhuinín a chothú san eolaíocht trí rannpháirtíocht na saoránach agus ar acmhainní a shlógadh le haghaidh comhar téamach T&N. Leis an bpróiseas comhpháirteach socraithe tosaíochtaí, a comhchruthaíodh idir na Ballstáit, na páirtithe leasmhara agus an Coimisiún, cothaítear braistint úinéireachta agus gealltanas méadaithe chun LET a chur chun feidhme, go háirithe tríd an gcéad Chlár Oibre Beartais LET.

Ar nós an chéad Chlár Oibre Beartais LET 2022-2024, leagtar amach sa dara Clár Oibre Beartais LET 2025-2027 gníomhaíochtaí coincréiteacha LET, a fheidhmíonn mar chreat straitéiseach chun comhar a chothú i measc thíortha an Aontais, chun éifeachtacht chórais T&N a fheabhsú, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha i dteannta a chéile. Agus leas á bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an chéad chláir oibre, baintear cothromaíocht amach leis an dara ceann idir gníomhaíocht a dhoimhniú maidir leis na tosaíochtaí atá ann faoi láthair trí **bheartais struchtúracha** agus an fhís do LET a leathnú trí **ghníomhaíochtaí nua LET.** Is beartais fhadtéarmacha LET iad beartais struchtúracha ar nós eolaíocht oscailte, BTanna agus gairmeacha taighde, nach bhfuil teoranta do chláir oibre beartais aonair agus atá leabaithe i mbeartas náisiúnta agus Eorpach. Tá gníomhaíochtaí LET gonta, dírithe ar bheartais agus dírithe

[1] MOLADH (AE) 2021/2122 ÓN gCOMHAIRLE.

ar spriocanna chun breisluach substainteach a sholáthar don Aontas, do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara. Sainaithníodh gníomhaíochtaí maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht, sa tslándáil taighde, san eolaíocht le haghaidh beartais, sa chothromas san eolaíocht mar bhearnaí ar measadh go raibh gá le comhar ina leith. Ar an iomlán, tugann sé sin fócas níos soiléire atá bunaithe ar bheartas agus struchtúr níos soiléire don chéad Chlár Oibre Beartais LET eile 2025-2027 chun cur chun feidhme ag riaracháin náisiúnta agus ag páirtithe leasmhara a éascú.

Is ionstraim neamhcheangailteach é Clár Oibre Beartais LET chun beartais náisiúnta agus beartais ar leibhéal an Aontais a stiúradh i gcomhréir le cuspóirí LET a leagtar amach in Airteagal 179 CFAE. Comhordaíonn sé tosaíochtaí na mBallstát san obair chun LET a chur chun cinn bunaithe ar ghníomhaíocht chomhpháirteach. Dá bhrí sin, spreagann sé comhar agus comhordú deonach idir na Ballstáit agus an tAontas. Ós rud é go bhfuil sé deonach, níl aon fhorfheidhmiú dlíthiúil ar chur chun feidhme. Leanann cur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET loighic na geoiméadrachta athraithí. Feidhmíonn Fóram LET, ina dtugtar le chéile an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, tíortha comhlachaithe Fís Eorpach agus páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais, mar chomhlacht rialachais chun cur chun feidhme ghníomhaíochtaí LET a chomhordú go comhpháirteach.

Cé go bhfuil dul chun cinn nach mór déanta mar thoradh ar thionscnaimh neamhreachtacha ar nós Clár Oibre Beartais LET 2022-2024 ina bhfuil gealltanais dheonacha i bhfoirm ghníomhaíochtaí LET, ní leor iad fós chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme LET,[2] cuireadh i dtábhacht saincheisteanna leanúnacha ar nós éagothromaíochtaí i bhfeidhmíocht taighde, forbartha agus nuálaíochta (TFN) ó Bhallstát go chéile, leibhéil neamhleora infheistíochta príobháidí agus poiblí in TFN faoi bhun na sprice 3 % de OTI, creataí rialála ilroinnte, tacaíocht theoranta aistrithe teicneolaíochta, agus ilroinnt na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta. Mar chonclúid, leagadh béim sa Teachtaireacht ar an ngá atá le rialachas níos láidre.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shistéamacha, beidh tionscnaimh reachtacha a bheidh ann amach anseo comhlántach le Clár Oibre Beartais LET agus d’fhéadfaidís bearta reachtacha a thabhairt isteach a théann níos faide ná gníomhaíocht dheonach faoi Chlár Oibre Beartais neamhcheangailteach LET. Deis a bheidh sna tionscnaimh sin (e.g. Gníomh LET) dul i ngleic le saincheisteanna trí chomhchuibhiú, trí chur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha agus trí bheartais an Aontais a fhorfheidhmiú chun cothrom na Féinne a chruthú ó Bhallstát go chéile. D’fhéadfaí é a chur i bhfeidhm maidir le réimsí a measúnaíodh go bhfuil rialacha ceangailteacha nó struchtúir cheangailteacha de dhíth orthu chun cuspóirí LET a bhaint amach sa bhreis ar bhearta deonacha comhordaithe agus comhair. Ba cheart go laghdódh sé sin go substaintiúil ilroinnt bheartais agus chórais T&N laistigh den Aontas.

[2] COM(2024) 490.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 292 CFAE an bunús dlí don tionscnamh. I gcomhréir le hAirteagal 292 CFAE, féadfaidh an Chomhairle moltaí a ghlacadh agus gníomhóidh sí ar thogra ón gCoimisiún sna cásanna uile ina ndéantar foráil sna Conarthaí nach mór di gníomhartha a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. I gcomhréir le hAirteagal 179(1) CFAE, saothróidh an tAontas na cuspóirí a chuid fothaí eolaíocha agus teicneolaíocha a neartú trí LET a bhaint amach ina mbeidh taighdeoirí, fios eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus trí bheith níos iomaíche, lena n-áirítear ina thionscal, agus an taighde go léir a mheastar a bheith riachtanach á chur chun cinn ag an am céanna. I gcomhréir le hAirteagal 181 CFAE, ní mór don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit a ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíche a chomhordú lena áirithiú go mbeidh na beartais náisiúnta agus beartas an Aontais comhsheasmhach lena chéile.

Féadfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, gach tionscnamh is fóinteach a ghlacadh chun an comhordú sin a chur chun cinn, go háirithe tionscnaimh arb é is aidhm dóibh treoirlínte agus táscairí a chruthú, malartú dea-chleachtais a eagrú agus an obair is gá a ullmhú d'fhaireachán tráthrialta agus do mheastóireacht rialta. Ní mór Parlaimint na hEorpa a choinneáil go hiomlán ar an eolas. Le hAirteagal 182(5) cuirtear an deis ar fáil na gníomhaíochtaí atá beartaithe leis an gcreatchlár ilbhliantúil a chomhlíonadh, trína chur ar chumas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus i ndiaidh dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, na bearta is gá a ghlacadh chun LET a chur chun feidhme.

**Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is é is cuspóir do ERA réimse a chruthú i gcás ina mbeidh 'taighdeoirí, fios eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse' (Airteagal 179 (1) CFAE). Ós rud é gur tionscnamh rialachais il-leibhéil é seo agus go nglacann sé cur chuige uile-rialtais (lena n-áirithítear go bhfuil beartais ailínithe ar leibhéil éagsúla rialachais agus ar fud réimsí beartais), tá sé i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Urramaítear leis inniúlacht na mBallstát sa réimse sin agus tá sé d'aidhm aige a áirithiú go mbeidh an beartas T&N comhleanúnach ar gach leibhéal rialtais (áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus domhanda). Tugtar isteach leis tionscnaimh lena soláthraítear an chuid is mó de bhreisluach an Aontais ar an leibhéal Eorpach, ar tionscnaimh iad atá nasctha le freagairtí beartais náisiúnta agus réigiúnacha agus a chuireann leo. Comhlíonann an tionscnamh seo prionsabal na coimhdeachta, ós rud é, de bhua Airteagal 4 (3) CFAE, nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú. Tacaíonn an togra le cuspóirí LET nua a bhaint amach. Comhlánaíonn sé gníomhaíocht náisiúnta chun réimse taighde atá dírithe ar thaighdeoir, luachbhunaithe, sármhaith agus tioncharbhunaithe a chruthú. Urramaítear leis an togra cleachtais na mBallstát agus glactar cur chuige difreáilte leis lena léirítear staideanna eacnamaíocha, airgeadais agus sóisialta éagsúla na mBallstát, éagsúlacht na gcóras taighde agus na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí faoi seach. Aithnítear leis go

bhféadfadh difríochtaí sa dóigh a gcuirtear an moladh atá beartaithe chun feidhme a bheith mar thoradh ar dhálaí éagsúla náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla.

- **An rogha ionstraime**

Tar éis na gceachtanna a foghlaimíodh ó chéad Chlár Oibre Beartais LET 2022-2024, agus Moladh ón gComhairle á roghnú, leagtar béim ar ghealltanas an Choimisiúin rialachas comhoibríoch LET a threisiú trí thoradh na hoibre comhchruthaithe leis na Ballstáit, le tíortha comhlachaithe Fís Eorpach agus le páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais a aistriú ina thogra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle. Is é an aidhm atá ann úinéireacht agus gealltanas eolach ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara a fhorbairt mar bhonn do chomhar breise maidir leis na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh agus maidir leis na beartais struchtúracha le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach. Leanann sé freisin den chur chuige solúbtha a glacadh chun gníomhaíochtaí LET a chur chun feidhme agus de chineál deonach Chlár Oibre Beartais LET.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir an Coimisiún Eorpach bonn taca faoina thogra le haghaidh Chlár Oibre Beartais LET 2025-2027 le fianaise ón gcéad timthriall faireacháin LET in 2023. Áiríodh sa timthriall an chéad athbhreithniú 18 mí ar chur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET 2022-2024 ar leibhéal an Aontais (tuarascáil ar leibhéal an Aontais), tuarascálacha tíre LET maidir leis na Ballstáit uile chomh maith le 11 thír atá comhlachaithe le Fís Eorpach, an chéad Scórchlár LET, agus an chéad Deais LET. Sa tuarascáil 18 mí ar leibhéal an Aontais, soláthraíodh measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach san LET, mar a leagtar síos sa Chomhshocrú T&N san Eoraip, agus ar chur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET. Soláthraíodh an anailís sin ar an leibhéal náisiúnta i dtuarascálacha tíre LET. Rinneadh measúnú i Scórchlár LET ar chomhdhlúthú foriomlán agus ar dhul chun cinn comhchoiteann thosaíochtaí LET in 2023 don Aontas ina iomláine agus rinneadh measúnú ar an dul chun cinn ar an leibhéal náisiúnta sa Deais. Tá na tuarascálacha uile ar fáil go poiblí ar Ardán Beartais LET.[3]

- **Measúnú tionchair**

Níl aon mheasúnú tionchair ann. Ós rud é gur togra ón gCoimisiún é le haghaidh Moladh ón gComhairle, lena n-áirítear gníomhaíochtaí LET don todhchaí, ní féidir tionchair a shainaithint go soiléir *ex ante*. Ina theannta sin, ullmhaíodh Clár Oibre Beartais LET 2025-2027 i gcomhchruthú le sainghrúpa Fhóram LET, ina dtugtar le chéile na Ballstáit, tíortha comhlachaithe Fís Eorpach agus páirtithe leasmhara. Pléadh an obair ullmhúcháin sa Chomhairle (go háirithe i CLETN, agus trí chonclúidí ón gComhairle a ghlacadh maidir le hiomaíochas an

3 https://european-research-area.ec.europa.eu/

Aontais a neartú, LET a threisiú agus ilroinnt a shárú[4]), rud a léiríonn go bhfuiltear ag súil go nglacfaidh na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara an doiciméad seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar faireachán ar chur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET 2025-2027 trí shásra faireacháin LET. Tá sásra faireacháin LET bunaithe ar na ceanglais a leagtar síos sa Mholadh ón gComhairle maidir le Comhshocrú T&N san Eoraip. An 10 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle an 'Creat do Shásra Faireacháin LET Amach Anseo', ina sonraítear comhpháirteanna an tsásra go mion.

Chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a comhaontaíodh faoi Chlár Oibre Beartais LET ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon agus chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Aontais agus na mBallstát maidir le cuspóirí LET a bhaint amach, cuimsítear uirlisí tuairiscithe cáilíochtúla agus cainníochtúla araon i sásra faireacháin LET.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Neamhbhainteach.

[4] 16179/24.

2025/0034 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 agus an chéad agus an dara habairt de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa lá atá inniu ann, tá dúshláin iomadúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo os comhair an Aontais. Tá an t-ord domhanda ag athrú agus tá bonn ár bhfolláine shochaíoch agus ár slándála á chroitheadh ag comhthéacs suaite geopholaitiúil, ag iomaíocht eacnamaíoch atá ag dul i méid, ag réabhlóid theicneolaíoch thapa chlaochlaitheach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agus ag an athrú aeráide agus ag na hiarmhairtí a bhaineann leis. Tá géarghá anois le ceannaireacht agus neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a neartú i bpríomhréimsí teicneolaíochta. Sa chomhthéacs sin, tá an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht ríthábhachtach chun leochaileachtaí na hEorpa a laghdú agus chun leas iomlán a bhaint as a hacmhainneacht. Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag taighde agus nuálaíocht (T&N) maidir le hiomaíochas inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh a fheabhsú.

(2) Tá forbairt an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) i gcroílár ár n-iarrachtaí freagairt do na dúshláin sin. Ceapadh an uaillmhian LET a chruthú mar mhargadh aonair don taighde, don teicneolaíocht agus don nuálaíocht in 2000 agus cumhdaíodh í i gConradh Liospóin mar chuspóir sonrach de chuid an Aontais. Leis an uaillmhian pholaitiúil a bhí ann le déanaí ‘Aontas Taighde agus Nuálaíochta’ a bhunú as a dtiocfaidh straitéis agus beartas comhpháirteach Eorpach T&N agus chun ‘an cúigiú saoirse’ a shaothrú tuilleadh, léirítear an gá leanúnach atá ann limistéar a fhorbairt tuilleadh ina dtagann tíortha le chéile chun a mbeartais agus a n-éiceachórais náisiúnta T&N a chomhordú agus a fheabhsú, agus inar féidir le fios, taighdeoirí agus teicneolaíocht gluaiseacht faoi shaoirse. Is féidir le comhordú níos fearr ar fud an Aontais trí LET cuidiú le hinfheistíochtaí agus athchóirithe a spreagadh chomh maith le ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le hiomaíochas inbhuanaithe a chothú, i gcomhréir le cuspóirí an Chompáis Iomaíochais[5].

[5] COM(2025) 30 final

(3) Tá éachtaí móra bainte amach ag LET le 25 bliana anuas i bpríomhréimsí beartais, lena n-áirítear BTanna, eolaíocht oscailte, comhar idirnáisiúnta, cothromaíocht inscne sa T&N, clársceidealú comhpháirteach, gairmeacha taighde agus soghluaisteacht taighdeoirí. Chun rannchuidiú leis an méid sin, chistigh Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie os cionn 150,000 taighdeoir den scoth, go háirithe trí chláir dhochtúireachta den scoth, comhaltachtaí iardhochtúireachta agus malartuithe foirne T&N, thacaigh EURAXESS le breis agus 2 mhilliún taighdeoir ina bhforbairt ghairme agus ina soghluaisteacht ar fud na hEorpa agus soláthraíonn an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO) rochtain gan uaim ar shonraí agus ar sheirbhísí digiteacha ardcháilíochta agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna don chomhar thar theorainneacha agus thar dhisciplíní.

(4) In 2021, thug na Ballstáit agus an Coimisiún fís nua agus creat beartais nua i gcrích, fís agus creat beartais a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir le LET[6] agus an Comhshocrú T&N[7]a rialú. Leagtar amach san fhís na luachanna agus na prionsabail choiteanna a bheidh mar threoir do T&N agus sainaithnítear tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach. Sa Chomhshocrú, d'athdhearbhaigh na Ballstáit a ngealltanas oibriú le chéile ar an méid a baineadh amach le cuspóirí LET chun comhtháthú agus comhar a chothú agus ilroinnt a laghdú ar fud na hEorpa sa taighde eolaíoch, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht. D'athdhearbhaigh na Ballstáit a ngealltanas feabhas a chur ar chomhordú agus beartais náisiúnta T&N a ailíniú chun éiceachóras taighde níos comhtháite agus níos éifeachtúla a chruthú sna conclúidí ón gComhairle in 2024 maidir le hiomaíochas an Aontais a neartú, LET a threisiú agus ilroinnt LET a shárú[8].

(5) Leis an gcéad Chlár Oibre Beartais LET 2022-2024, cruthaíodh bonn láidir chun cuspóirí LET a bhaint amach. Leis sin, rinneadh sraith gníomhaíochtaí coincréiteacha de réimsí tosaíochta Chomhshocrú T&N. Rinne an Coimisiún, na Ballstáit, tíortha comhlachaithe Fís Eorpach agus páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais 17 ngníomhaíocht a chur chun feidhme go comhpháirteach. Mar chuid den rialachas nua, tá ról uathúil ag Fóram LET agus a fhoghrúpaí maidir le tacú le cur chun feidhme LET agus a ghníomhaíochtaí. Feidhmíonn siad mar dhroichead idir comhlachtaí ar leibhéal an Aontais, comhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha agus éascaíonn siad comhar. Áirithítear leis an gcur chuige cuimsitheach agus rannpháirteach go n-éistear le gach guth. Cothaíonn sé sin straitéisí nuálacha agus comhúinéireacht beartas chun éiceachóras T&N na hEorpa a neartú. Mar chomhlacht comhairleach ardleibhéil um beartas straitéiseach, soláthraíonn an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN) luathchomhairle don Chomhairle agus don Choimisiún.

(6) Chuir an Coimisiún i dtábhacht a bhfuil bainte amach ag Clár Oibre Beartais LET 2022-2024 agus an rialachas nua i dTeachtaireacht 2024 dar teideal 'Cur chun feidhme an Limistéir Eorpaigh Taighde'[9]. Áirítear ar na príomhnithe a baineadh amach maidir le

---

6 14308/21.
7 MOLADH (AE) 2021/2122 ÓN gCOMHAIRLE.
8 16179/24.
9 COM(2024) 490.

haghaidh a thabhairt ar raon riachtanas T&N ar fud na hEorpa faoin gcéad Chlár Oibre Beartais LET 2022-2024 (1) an Chomhghuaillíocht um Chur Chun Cinn an Mheasúnaithe Taighde a chruthú, (2) an 'Cód iompair neamhfhulaingthe maidir le gníomhú in aghaidh foréigean inscnebhunaithe i gcóras taighde agus nuálaíochta an Aontais' a fhoilsiú, (3) an claochlú fuinnimh ghlais a spreagadh trí Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus um Nuálaíocht threoirthionscadal LET maidir le hidrigin ghlas a chur chun feidhme, (4) 'Líonra na nÚdarás Bainistíochta um Thaighde agus Nuálaíocht agus um Chomhtháthú' a chruthú lena nasctar gníomhaithe beartais agus údaráis bhainistíochta T&N chun measúnú a dhéanamh ar an deighilt nuálaíochta, barr feabhais a mhéadú agus leas a bhaint as ionstraimí leathnaithe atá ann cheana, agus (5) creat nua faireacháin agus meastóireachta LET a fhorbairt.

(7) Cuireann an dara Clár Oibre Beartais LET 2025-2027 leis an gcur chuige sin agus dearadh é chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair. Agus úsáid á baint as na réimsí tosaíochta Chomhshocrú T&N le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach agus torthaí cur chun feidhme chéad Chlár Oibre Beartais LET 2022-2024 mar bhonn, leagtar amach ann 11 bheartas struchtúracha LET agus ocht ngníomhaíocht inláimhsithe LET. Is toradh iad sin ar phróiseas forleathan comhchruthaithe laistigh d'Fhóram LET agus de CLETN agus is é an aidhm atá ann tús a chur leis an gcur chun feidhme in 2025. Tá an chéad Chlár Oibre Beartais LET agus an dara Clár Oibre Beartais LET nasctha le chéile. Le Clár Oibre Beartais LET 2025-2027, soláthraítear leanúnachas maidir le beartais leanúnacha faoin gcéad chlár oibre, téitear i ngleic le príomhchuspóirí fadtéarmacha LET, agus tá an tsolúbthacht is gá ann chun freagairt do riachtanais straitéiseacha nua.

AG MOLADH LEIS SEO:

1. Glacann na Ballstáit Clár Oibre Beartais LET 2025-2027 ina bhfuil 11 bheartas fhadtéarmacha struchtúracha LET, nach bhfuil teoranta do chláir oibre beartais aonair ach a bhfuil plean oibre 3 bliana acu fós, agus 8 ngníomhaíocht LET, atá le cur i gcrích laistigh den chlár oibre beartais 3 bliana. Leagtar amach tograí uile LET ar bhealach níos mionsonraithe san iarscríbhinn.

2. Déanann na Ballstáit na beartais struchtúracha LET agus na gníomhaíochtaí LET seo a leanas a chur chun feidhme ar bhonn deonach, i gcomhréir leis na ceithre réimse tosaíochta Chomhshocrú T&N le haghaidh gníomhaíocht chomhpháirteach. Díríonn na beartais agus na gníomhaíochtaí struchtúracha sin ar an méid seo a leanas (i) breisluach soiléir a thabhairt ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach, (ii) tionchar a imirt trí tháirgí inghnóthaithe sonracha agus torthaí inláimhsithe a tháirgeadh laistigh de 3 bliana, (iii) tógáil ar chomhchruthú leanúnach idir na Ballstáit, an Coimisiún agus páirtithe leasmhara, (iv) a bheith in ann seasamh le príomhghníomhaíocht amháin, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon fhoghníomhaíochtaí ann, agus (v) agus í á cur chun feidhme in geoiméadracht athraitheach, rud a cheadóidh solúbthacht sa mhéid is féidir le tíortha a bheith páirteach.

## 1. Réimse Tosaíochta: Margadh inmheánach fíorfheidhmiúil don eolas a dhoimhniú

Tá saorghluaiseacht taighdeoirí, eolais agus sonraí ríthábhachtach chun córas T&N Eorpach níos éifeachtúla agus níos cuimsithí a thógáil. Cuidíonn sé le dúbláil acmhainní a íoslaghdú agus an mhais chriticiúil is gá a chruthú chun go mbeidh sí éifeachtach. Chun iomaíochas an Aontais a neartú, tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoi sheasamh idirnáisiúnta agus ceannaireacht eolaíoch an Aontais trí thaighde bunúsach feidhmeach ceannródaíoch a dhéanamh.

Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair ar an tosaíocht sin trí na beartais struchtúracha seo a leanas:

**An eolaíocht oscailte** - An eolaíocht oscailte a chumasú trí shonraí a chomhroinnt agus a athúsáid, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO); **Bonneagair thaighde** - Inbhuanaitheacht, inrochtaineacht agus athléimneacht na BTanna sa Limistéar Eorpach Taighde a neartú; **Comhionannas inscne, comhdheiseanna do chách agus cuimsitheacht** - Comhionannas inscne cuimsitheach agus trasnach a neartú in LET; **Gairmeacha agus soghluaisteacht taighdeoirí** agus **córais measúnaithe agus luaíochta taighde** - Gairmeacha taighde a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe chomh maith le measúnú taighde a athchóiriú; **Luachshocrú eolais** - Acmhainneachtaí agus gníomhaíochtaí luachshocraithe eolais a mhéadú. **Rannpháirtíocht dhomhanda** - Cur Chuige Domhanda i leith T&N.

Moltar na gníomhaíochtaí LET seo a leanas do na trí bliana amach romhainn:

- Cothromas san eolaíocht oscailte;
- Éiceachóras na hEolaíochta Eorpaí le haghaidh Beartais (EE-B) a chur chun cinn;
- Úsáid fhreagrach IS san eolaíocht san Aontas a éascú agus dlús a chur léi;
- Slándáil taighde a fheabhsú.

## 2. Réimse Tosaíochta: Glacadh le chéile leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach agus le dúshláin eile a bhfuil tionchar acu ar an tsochaí, agus rannpháirtíocht na sochaí in LET a mhéadú

Chun go gcuirfidh LET borradh faoin iomaíochas, chun feabhas a chur ar cháilíocht saoil do dhaoine san Aontas agus chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha ar nós an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, ní mór dó sineirgí a chruthú le beartais earnála agus leis an mbeartas tionsclaíoch. Ní mór d’infheistíocht T&N torthaí inláimhsithe a bhaint amach a úsáideann an margadh.

Is iad na beartais struchtúracha seo a leanas na príomh-mhodhanna cur chuige chun aghaidh a thabhairt ar an réimse tosaíochta seo:

**Tionscnaimh atá bunaithe ar dhúshláin** - Príomhghné théamach de LET a dhéanamh den phlean straitéiseach um theicneolaíocht fuinnimh (SET); **Sineirgí leis an oideachas agus leis an gClár Oibre Eorpach um Scileanna**- Feabhas a chur ar an nasc idir T&N agus an t-ardoideachas laistigh de LET agus leas iomlán a bhaint as éiceachórais T&N na hEorpa; **Rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach agus na sochaí in T&N** - Muinín san eolaíocht a fheabhsú trí rannpháirtíocht na saoránach, trí idirphlé agus trí chumarsáid eolaíochta.

Moltar na gníomhaíochtaí LET seo a leanas do na trí bliana amach romhainn:

- Dlús a chur le hinfheistíochtaí T&N le haghaidh chlaochlú tionsclaíoch agus inbhuanaitheacht iomaíoch na hEorpa;
- Dlús a chur le modheolaíochtaí cur chuige nua (MCCNanna) chun taighde agus tástáil bhithleighis ar tháirgí íocshláinte agus ar ghairis leighis a chur chun cinn;
- Creat comhchuibhithe agus comhordaithe le haghaidh cur chuige Eorpach maidir le sláine agus eitic in T&N i bhfianaise na ndúshlán atá ag teacht chun cinn.

## 3. Réimse Tosaíochta: Rochtain ar bharr feabhais sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud an Aontais a fheabhsú agus idirnaisc idir éiceachórais nuálaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú

Cuimsíonn barr feabhais taighde an Eoraip ar fad, idir aoiseanna, disciplíní agus earnálacha. Níor baineadh leas as a acmhainneacht iomlán go fóill mar gheall ar éagothromaíochtaí nach beag i ndeiseanna do thaighdeoirí agus do nuálaithe sa LET. Beartas struchtúrach chun dul i ngleic leis an réimse tosaíochta sin is ea **sineirgí a chruthú idir cláir chistiúcháin an Aontais, cláir chistiúcháin náisiúnta agus cláir chistiúcháin réigiúnacha** - Feabhas a chur ar rochtain an Aontais ar bharr feabhais.

Tá an ghníomhaíocht LET seo a leanas beartaithe do na trí bliana amach romhainn:

- T&N a chumhachtú: Ré nua i mbainistíocht taighde.

## 4. Réimse Tosaíochta: Infheistíochtaí agus athchóirithe comhbheartaithe sa taighde agus sa nuálaíocht a chur chun cinn.

Ós rud é go ndíríonn an tAontas ar phríomhréimsí le haghaidh iomaíochas, inbhuanaitheacht agus folláine amach anseo, bheadh sé fritorthúil infheistíocht agus tionscnaimh T&F a dhúbailt, a ionadú nó a ilroinnt. Is féidir le comhar trasteorann borradh a chur faoin éifeachtúlacht trí acmhainní a chomhthiomsú chun mais chriticiúil a bhaint amach agus na héifeachtaí iarmharta eolais a mhéadú chun borradh a chur faoin nuálaíocht. Chun a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí sin éifeachtúil agus go mbeidh tionchar acu, beidh gá freisin, i gcásanna áirithe, le hathchóirithe struchtúracha i gcórais náisiúnta T&F a dhearadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Is é is aidhm do na hathchóirithe sin barr feabhais eolaíoch a mhéadú, luachshocrú torthaí

taighde a bhaint amach, naisc idir an eolaíocht agus an gnó a fheabhsú agus díriú níos fearr ar bheartais chun tacú leis an nuálaíocht ghnó.

Ní mholtar aon ghníomhaíocht shonrach LET faoin gcuspóir sin ach aithnítear go forleathan gur príomhthosaíocht i gcónaí é don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit oibriú go dlúth le chéile agus úsáid á baint as sraith ionstraimí atá ann cheana féin borradh a chur faoi infheistíochtaí T&N agus athchóirithe struchtúracha a ghlacadh. Chun a bheith níos beaichte, táthar ag súil go gcuirfidh cuir chun feidhme bearta T&N faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais borradh faoin gcumas nuálaíochta náisiúnta, go háirithe i dtíortha atá fós ag titim chun deiridh.

Tríd an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an Coimisiún Eorpach grinnanailís ar na córais náisiúnta T&N agus eisíonn sé moltaí tírshonracha maidir le conas borradh a chur faoi acmhainneacht nuálaíochta gach tíre. Déanann an Coimisiún faireachán ansin ar fhreagairtí beartais ó na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na bearnaí T&N a sainaithníodh a dhúnadh. Chun tacú lena n-iarrachtaí feabhas a chur ar a gcórais T&N trí athchóirithe, is féidir leis na Ballstáit agus le tíortha comhlachaithe tacaíocht shaineolach a fháil faoin tSaoráid Tacaíochta Beartais Fís, ionstraim a bhí an-tairbheach maidir le ceapadh beartas a fheabhsú agus conairí athchóirithe a shainaithint, agus an tIdirphlé Feabhsaithe déthaobhach leis na Ballstáit maidir le hábhair T&N a comhaontaíodh i gcoiteann.

3. Ba cheart an creat comhoibríoch bunaithe idir an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, tíortha comhlachaithe agus eagraíochtaí páirtithe leasmhara i bhfoirm Fhóram LET agus CLETN a choinneáil ar bun mar shásra lárnach do rialachas LET. Leanfaidh cur chun feidhme an chéad Chlár Oibre Beartais eile de chuid an LET 2025-2027 mar iarracht uilechuimsitheach agus thrédhearcach ar gach leibhéal rialachais chun comhchruthú agus úinéireacht an chláir oibre a chothú. Tá Fóram LET fós ina bhonn braite le haghaidh dúshláin atá ag teacht chun cinn, lasmuigh de ghníomhaíochtaí Chlár Oibre Beartais LET 2025-2027, lena n-éilítear comhar trastíre agus a chumhdaítear leis an gComhshocrú T&N, ar nós obair leantach ar shaoirse an taighde eolaíoch.

4. Le cur chun feidhme comhordaithe, ba cheart go n-áiritheofaí rannpháirtíocht ghníomhach agus leathan páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais ar fud an speictrim iomláin, ó thaighde go nuálaíocht agus cur in úsáid ar an margadh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chatagóirí na bpáirtithe leasmhara i bhFóram LET chun ionadaíocht níos fearr ar na leasanna éagsúla a bhaint amach.

5. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach tacú le rannpháirtíocht iomlán na dtíortha atá comhlachaithe leis an gclár Fís Eorpach agus na mbrateagraíochtaí páirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais i gcur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET 2025-2027.

6. Ní leor an infheistíocht T&N san Aontas ó thaobh mianta de agus tá sí fós faoi bhun an leibhéil infheistíochta i gcuid mhaith d'iomaitheoirí domhanda an Aontais. Faoi láthair, caitheann an tAontas thart ar 2.3 % dá OTI ar T&F, i bhfad faoi bhun sprioc T&F 3 % a socraíodh in 2002 i nDearbhú Barcelona. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ilghnéitheach a bhaineann leis an sprioc 3 % a bhaint amach, tá gá le gníomhaíocht

chomhordaithe chun borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i T&F. Tá gá le tuilleadh athchóirithe freisin chun feabhas a chur ar éiceachórais náisiúnta T&N agus chun an tionchar a bheidh ag méadú ar infheistíocht in T&N a uasmhéadú. Sa bhreis ar an réimse tosaíochta Chomhshocrú T&N 'Infheistíochtaí agus athchóirithe comhbheartaithe T&N a chur chun cinn', ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint dá n-iarrachtaí sa treo sin.

7. Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit leanúint de shásra faireacháin LET a leagtar amach sa Chomhshocrú T&N san Eoraip a chur chun feidhme agus a shonraítear sa 'Chreat do shásra faireacháin LET a bheidh ann amach anseo' a chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 10 Meitheamh 2022[10]. Le sásra faireacháin LET, déanfar measúnú ar an dul chun cinn i dtreo thosaíochtaí LET, mar a shainítear sa Chomhshocrú T&N. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas i sásra faireacháin an ERA:

   (1) Scórchlár LET chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí LET ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, a thabharfar cothrom le dáta go tráthrialta;

   (2) tuarascáil faireacháin rialta LET ón gCoimisiún chuig an gComhairle chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme chlár oibre beartais LET,

   (3) tuarascálacha tíre rialta LET chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtíortha maidir le Clár Oibre Beartais LET a chur chun feidhme.

   Leanfaidh na Ballstáit d'fhaisnéis a mhalartú maidir le LET, go háirithe trí shonraí agus faisnéis a chur ar fáil trí Ardán Beartais LET. Cuirfidh na Ballstáit cur chun feidhme ghníomhaíochtaí agus thorthaí LET chun cinn ina dtíortha féin freisin, agus leas á bhaint as an tacaíocht atá ar fáil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

10 NÓTA 9578/22 ÓN gCOMHAIRLE.